
# CÉ NA RUDAÍ ATÁ FAOIN DOIRTEAL?



## Treoirlínte do mhúinteoirí

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority





# CÉ NA RUDAÍ ATÁ FAOIN DOIRTEAL?

**Treoirlínte do mhúinteoirí**

## STRUCHTÚR CEACHTA

**CÉ NA RUDAÍ ATÁ FAOIN DOIRTEAL?**

Léiríonn an t-ábhar sa chur i láthair seo dar teideal 'Faoin Doirteal' na dainséir fhéideartha a bhaineann le ceimiceáin sa bhaile, an chuma atá orthu, na rudaí a dhéantar leo, mar a chuirtear an dainséar in iúl agus cé chomh tábhachtach is atá sé ceimiceáin dhainséaracha a choinneáil amach ó pháistí. Tá aidhmeanna agus cuspóirí an chur i láthair seo ag teacht le riachtanais an churaclaim OSPS do rang a haon agus a dó maidir le ceimiceáin. Cé go bhfuil na Treoirlínte dírithe ar rang a haon agus a dó, is féidir iad a chur in oiriúint do gach leibhéal ranga agus cloíonn siad le cuspóirí an Churaclaim OSPS ag gach leibhéal.
Tar éis an cheachta seo, ba cheart go dtuigfeadh na páistí:

- Céard atá i gceist le ceimiceáin tí
- Cén chuma atá ar cheimiceáin tí
- Cé na dainséir a bhaineann leo
- Conas a chuirtear an dainséar a bhaineann leis na ceimiceáin in iúl, agus
- Gur cheart fanacht amach uathu

## ACMHAINNÍ

- Cur i láthair 'Faoin Doirteal'
- Páipéar
- Uirlisí scríbhneoireachta agus dathadóireachta
- Soithí folmha glana ceimiceán ón mbaile

## RÉAMHRÁ

Tabhair tús eolais ar shábháilteacht ceimiceán do na páistí. Déan ceangal idir an t-ábhar seo agus an t-eolas atá acu cheana féin ar cheimiceáin tí. Pléigh na rudaí a dhéantar le ceimiceáin sa bhaile agus cén áit a mbeidís á stóráil.

## AN PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT

**1**

**Cé na rudaí atá faoin doirteal?**
Léiríonn an cur i láthair seo prios faoin doirteal is gnách a bheith i gcistin, seomra fóntais nó seomra folctha. Cé na rudaí a fuair tú faoin doirteal? Iarr ar an rang plé a dhéanamh ar na rudaí a mbeidís ag súil leo a bheith faoin doirteal.

**2**

**Ceimiceáin tí**
Tá íomhánna de tháirgí gnáthcheimiceáin tí ar taispeáint. Iarr ar an rang na táirgí seo a phlé agus an obair thábhachtach a dhéantar leo ar fud an tí a thaifead. Cé na nithe eile a mbeidís ag súil lena bhfáil faoin doirteal? B'fhéidir go bhféadfadh an rang íomhánna a tharraingt de na táirgí. D'fhéadfaí na tascanna seo a dhéanamh i ndíseanna nó i ngrúpaí beaga.

**3**

**Céard a fheiceann tú?**
Tá íomhánna de ghnáth-tháirgí tí ó dhearcadh páiste bhig ar taispeáint. Ní fheiceann siad dainséar féideartha ar bith, ach prios lán de chruthanna, dathanna agus bolaithe iontacha. Mar shampla, d'fhéadfadh cuma milseáin a bheith ar chapsúil níocháin, agus d'fhéadfadh cuma bréagáin a bheith ar tháirgí ceimiceacha eile, mar a taispeánadh san fheachtas fógraí ón Ísiltír ina bhfuil físeán (féach na hacmhainní breise).

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta



# CÉ NA RUDAÍ ATÁ FAOIN DOIRTEAL?

**Treoirlínte do mhúinteoirí**

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEANTACHA MOLTA

### 4

**Cén chuma atá ar cheimiceáin?**

Déan iniúchadh leis an rang ar na cineálacha difriúla soithí, cruthanna agus dathanna go léir a bhaineann le gnáth-tháirgí ceimiceacha tí. Tabhair isteach soithí glana folmha agus lig don rang an chuma atá orthu a fheiceáil. Agus iad ag obair ina mbeirteanna, **déan seicliosta** a thabharfar do thuismitheoirí/caomhnóirí le cabhrú leo seiceáil an mbíonn táirgí ceimiceacha á n-úsáid agus á stóráil go sábháilte.

### 5

**Cá háit ar féidir leat ceimiceáin a fháil?**

Déan iniúchadh leis an rang ar na háiteanna eile sa bhaile a mbeidís ag súil le ceimiceáin a bheith iontu, iarr ar an rang machnamh a dhéanamh ar na cineálacha táirgí ceimiceacha a stóráiltear sa gharáiste, sa bhothán gairdín nó sa seomra fóntais.

### 6

**Cén úsáid a bhaintear as ceimiceáin?**

Pléigh na rudaí a dhéantar le táirgí ceimiceacha tí, cé na tascanna tábhachtacha a dhéantar leis na táirgí seo ar fud an tí - glanadh, frídíní a mharú, péinteáil, rudaí a dheisiú, fiailí a mharú.

### 7

**Cén fáth a bhfuil ceimiceáin dainséarach?**

D'fhéadfadh ceimiceáin a bheith dainséarach toisc go mbíonn siad ina gcúis le tinte, go ndónn siad craiceann agus súile nó go gcuireann siad tochas iontu. D'fhéadfadh ceimiceáin áirithe tinneas nó tinneas cinn a chur ort. Ní mór a bheith cúramach nuair a bhíonn ceimiceáin agus na soithí ina mbíonn siad á ndiúscairt, ós rud é gur féidir leo dochar a dhéanamh don chomhshaol.

### 8

**Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go bhfuil ceimiceáin dainséarach?**

Bíonn lipéad ar chúl bhuidéil na gceimiceán dainséarach go léir, ar a mbíonn diama(i)nt agus imlíne dhearg thart timpeall air. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh an rang gur cheart dóibh fanacht amach ó tháirgí ar bith a fheiceann siad a bhfuil na diamaint seo ar a lipéid agus nár cheart dóibh lámh a leagan orthu riamh gan duine fásta a bheith ina bhfeighil.

### 9

**Mar a bhítear sábháilte i leith ceimiceán**

Cinntigh go dtuigeann an rang cé chomh tábhachtach is atá sé fanacht amach ó cheimiceáin a bhfuil lipéid orthu ar a bhfuil picteagraim dhiamaint le himlíne dhearg. Ba cheart iad a stóráil i bprios atá faoi ghlas, amach ó dheartháireacha agus deirfiúracha níos óige agus iad fágtha sa soitheach bunaidh i gcónaí, go háirithe capsúil leacht níocháin a úsáidtear chun éadaí a ní. **Cruthaigh póstaer sábháilteachta** faoi shábháilteacht maidir le ceimiceáin.

**Comhtháthú Curaclaim**

Ar na féidearthachtaí atá ann le haghaidh comhtháthú curaclaim tá:

a) Amharcealaín (Dear Póstaer, Déan Líníocht: ábhar neamhbheo: buidéil agus soithí a tharraingt)
b) Béarla (Teanga Bhéil: Forbairt Stór Focal, Caint agus Plé, Cur Síos ar Rudaí, Tuairimí a Chur in Iúl/Léitheoireacht: Lipéid/Scríbhneoireacht: liosta de na rudaí a d'fhéadfaí a fháil sa gharáiste, sa bhothán gairdín, sa chistin, sa seomra fóntais, ar scoil srl.; Tráth na gceist a chruthú; Seicliosta sábháilteachta a dhearadh srl.; Ceacht a chruthú do pháistí níos óige)
c) Drámaíocht: (Rólghlacadh/ Dráma Drámatúil); Eolaíocht (Aicmiú, Ábhair agus Feasacht/Cúram Comhshaoil)
d) Mata: Lipéid a mheaitseáil le soithí; Tacair shoithí a dhéanamh de cheimiceáin shábháilte agus dhainséaracha/ceimiceáin agus neamhcheimiceáin

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority



# CÉ NA RUDAÍ ATÁ FAOIN DOIRTEAL?

**Treoirlínte do mhúinteoirí**

## NAISC CHURACLAIM

Tá an t-ábhar ar a ndéantar iniúchadh sa chur i láthair seo dar teideal 'Faoin Doirteal' ag teacht go díreach leis na codanna seo a leanas de Churaclam Bunscolaíochta na hÉireann:

**Leibhéal Ranga: Rang a hAon agus a Dó**
**Réimse Ábhair: OSPS/SPHE (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte)**
**Snáithe: Mé Féin**
**Aonad Snáithe: Sábháilteacht agus Cosaint**

**Is féidir an t-ábhar a chur in oiriúint do gach leibhéal ranga chomh maith agus cloíonn sé le cuspóirí an Churaclaim OSPC ag gach leibhéal.**

**Sábháilteacht phearsanta:**

Ba cheart an páiste a chumasú le:

- cásanna ina mbraitheann páistí sábháilte agus iad siúd ina bhféadfadh a sábháilteacht a bheith i mbaol *agus iad ag teacht i dteagmháil le substaintí dainséaracha nó aineoil* a aithint agus a iniúchadh
- straitéisí oiriúnacha a phlé agus a chleachtadh le déileáil leis na cásanna seo *a fhios a bheith aige/aici conas cabhair a lorg, cloí le rialacha atá ceaptha ag daoine eile, agus daoine atá freagrach as é/í a choinneáil sábháilte a aithint.*

**Cúrsaí sábháilteachta:**

Ba cheart an páiste a chumasú le:

- bheith eolach ar agus tuiscint a bheith aige/aici ar an ngá atá le cloí le rialacha sábháilteachta a bhaineann leis an scoil, sa bhaile, ar an bhfeirm, in uisce, dá s(h)ábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile
- áiteanna ina bhfuil sé sábháilte a bheith ag súgradh a aithint agus tuiscint a fháil ar an tábhacht atá le bheith á (h)iompar féin go freagrach agus go cothrom nuair a bhíonn sé/sí ag súgradh
- aithint conas a d'fhéadfadh timpistí tarlú agus céard is féidir a dhéanamh chun iad a chosc
- idirdhealú a dhéanamh idir na substaintí atá sa bhaile nó ar scoil atá sábháilte agus iad siúd atá dainséarach agus cead a iarraidh sula ndéanann sé/sí iad a iniúchadh *leasacháin, alcól, glantaigh.*

**Leibhéal Ranga: Rang a hAon agus a Dó**
**Réimse Ábhair: OSPS/SPHE (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte)**
**Snáithe: Mise agus an Domhan Mórthimpeall Orm**
**Aonad Snáithe: Saoránacht a Fhorbairt**

**Cúram comhshaoil:**

Ba cheart an páiste a chumasú le:

- léirthuiscint a bheith aige/aici don chomhshaol agus a fhios a bheith aige/aici go bhfuil freagracht ar an bpobal agus ar an duine aonair as aire a thabhairt don chomhshaol agus é a chosaint.

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# CÉ NA RUDAÍ ATÁ FAOIN DOIRTEAL?

**Treoirlínte do mhúinteoirí**

## ACMHAINNÍ SA BHREIS

**Acmhainní breise:**

- Tá naisc físeáin curtha ar fáil sa rannán seo le feachtais a úsáideadh chun aird a dhíriú ar an tábhacht atá le lipéad táirge cheimicigh a léamh. Tacóidh sé seo leis an bhfoghlaim chomh maith le hathnuachan a dhéanamh uirthi. Chomh maith leis sin, tá na hacmhainní thíos ar fáil le bheith á n-úsáid.

**Don seomra ranga:**

- **Póstaer** ón bhfeachtas 'readtheback' leis an gceacht a chur i gcuimhne do pháistí
- **Cártaí** ar a bhfuil diamaint le bheith curtha i gcló agus lannaithe sa rang. D'fhéadfaidís seo cabhrú le tuiscint a fháil ar an gcuma atá ar na guaiseacha (Pointe 8 thuas). Tabhair isteach soithí folmha glana glantach agus táirgí glantacháin agus tabhair ar an rang na picteagraim a mheaitseáil leis na táirgí chun a gcuid foghlama agus a dtuiscint a dhaingniú arís.

- **Sa bhaile:**
  Is féidir an **nóta eolais** ar an tábhacht atá leis an méid atá ar a chúl a léamh a chur i gcló agus a thabhairt abhaile do na tuismitheoirí/caomhnóirí, nó bheith curtha ar taispeáint sa scoil, ar shuíomh gréasáin, leathanach ar Facebook nó ar bhlag.

## PRÍOMHSTÓR FOCAL

- Ceimiceán
- Guais
- Lipéad
- Picteagram
- Dainséar

## DUL SIAR

Sna laethanta tar éis an cheachta, iarr ar an rang a gcuid foghlama agus a dtuiscint ar shábháilteacht ceimiceán a athnuachan - An bhfaca siad ceimiceáin ar bith a bhfuil diamaint ar a lipéid sa bhaile? Ar thaispeáin siad an nóta eolais dá dtuismitheoirí? An dtuigeann siad nár cheart dóibh lámh a leagan ar cheimiceáin riamh gan duine fásta a bheith ina bhfeighil nó gan cead a bheith acu ó dhuine fásta?

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

© An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta